Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 9 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8286/19**

**SUSTDEV 60**
**ONU 46**
**DEVGEN 74**
**ENV 395**
**RELEX 352**
**POLGEN 73**
**AGRI 198**
**TRANS 264**
**ENER 220**
**COHOM 45**
**JEUN 52**
**EDUC 193**
**COMER 63**
**WTO 111**
**CULT 66**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Aibreán 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8071/19 |
| Ábhar: | I dTreo Aontas Inmharthana Níos Inbhuanaithe, faoi 2030<br>- Conclúidí ón gComhairle (9 Aibreán 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle "I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe, faoi 2030", mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3685ú cruinniú a bhí aici ar an 9 Aibreán 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe, faoi 2030**

**Conclúidí ón gComhairle**

**An tAontas Eorpach: chun tosaigh san fhorbairt inbhuanaithe**

1. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe gona 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ríthábhachtach don domhan, ó thaobh saol síochánta slán a áirithiú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht, agus teorainneacha ár bpláinéid á n-urramú ag an am céanna, tríd an daonlathas, cearta an duine agus an comhionannas inscne a chaomhnú, an aeráid agus an comhshaol a chosaint, geilleagair nua-aimseartha, dhinimiciúla, chuimsitheacha a thógáil, trí chaighdeáin mhaireachtála a sfheabhsú, agus na neamhionannais a laghdú, le nach bhfágfar aon duine ar lár.

2. Leagann an Chomhairle béim ar a lárnaí atá an fhorbairt inbhuanaithe mar luach de chuid an Aontais Eorpaigh, faoi mar a leagtar amach sna Conarthaí, agus go bhfuil prionsabail Chlár Oibre 2030 fréamhaithe sna prionsabail agus sna luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Dá bhrí sin, tá cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 ríthábhachtach do luachanna an Aontais Eorpaigh agus do thodhchaí na hEorpa chun Aontas níos inbhuanaithe a chruthú.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur chun leasa an Aontais atá sé leanúint de phríomhról a imirt i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 ar bhealach comhleanúnach cuimsitheach éifeachtach, agus cur chun feidhme an Chláir a chur ar aghaidh agus é mar phlean gníomhaíochta do dhaoine, don phláinéad, don rathúnas, don tsíocháin agus don chomhpháirtíocht. I dtaca leis an méid sin, meabhraíonn an Chomhairle a thiomanta atá sí sineirgí idir gnéithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha na forbartha inbhuanaithe a chruthú agus a uasmhéadú, trí na hidirnaisc idir na 17 SDG a chur san áireamh.

4. Leagann an Chomhairle béim ar a phráinní atá sé dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 go domhanda agus go hinmheánach araon, mar thosaíocht uileghabhálach de chuid an Aontais, chun tairbhe a chuid saoránach agus chun a inchreidteacht laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain a chaomhnú.

5. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil dlúthnasc idir príomhphróisis agus doiciméid AE agus dhomhanda, ar an taobh amháin, mar shampla an Comhdhearcadh nua Eorpach um Fhorbairt, Straitéis Dhomhanda an Aontais, cur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta Addis Ababa, agus, ar an taobh eile, dúshlán an Aontais ó thaobh an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus cuireann sí i bhfios go láidir go gcaithfidh na próisis sin ar fad bogadh ar aghaidh sa treo céanna ar bhealach comhleanúnach má táthar chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme san Aontas ar bhealach rathúil.

6. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Páipéar Machnaimh ón gCoimisiún Eorpach *Towards a Sustainable Europe by 2030* [I dtreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030] mar rannchuidiú práinneach leis an díospóireacht ar thodhchaí níos inbhuanaithe na hEorpa agus le socrú na dtosaíochtaí straitéiseacha don chéad Choimisiún Eorpach eile. Is díol sásaimh di freisin an anailís a rinne an Coimisiún ar phríomhdhúshláin na forbartha inbhuanaithe san Eoraip, chomh maith lena éileamh go bhforbróidh an tAontas a bhfuil bainte amach aige agus go mbeadh sé ina cheannródaí domhanda don fhorbairt inbhuanaithe i gcomhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe, trí iltaobhachas athdhearbhaithe feabhsaithe agus trí luachanna comhroinnte.

**Ag dul i mbun gnímh anois**

7. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir, ceithre bliana tar éis Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlacadh, gur gá aistriú gan mhoill go cur chuige cuimsitheach uileghabhálach uaillmhianach ar leibhéal an Aontais, lena dtógfar ar chuid dá bhfuil sna cásanna a thuairiscítear i bPáipéar Machnaimh an Choimisiúin, chun na SDGanna a chur chun feidhme go mear críochnúil fuinniúil faoi 2030. Ba cheart go dtreoródh an cur chuige sin muid agus muid ag gníomhú ar leibhéal an Aontais, anois agus amach anseo, agus go háirithe le linn an chéad téarma reachtaigh eile a mbeidh tábhacht ar leith ag roinnt leis ó thaobh na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a conclúidí i mí an Mheithimh 2017[1] inar áitíodh ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach maidir le cur chun feidhme a fhorbairt ina mbeadh amlínte, cuspóirí agus bearta nithiúla chun Clár Oibre 2030 a léiriú agus na SDGanna a phríomhshruthú i ngach beartas inmheánach agus seachtrach ábhartha de chuid an Aontais, bunaithe ar an méid atá fós le déanamh go dtí 2030, i dtéarmaí bheartas, reachtaíocht, struchtúir rialachais do chomhtháthú cothrománach agus mhodhanna cur chun feidhme an Aontais, agus ar Chonclúidí ón gComhairle Eorpach, Deireadh Fómhair 2018[2] ina n-iarrtar go gcuirfí straitéis chuimsitheach den sórt sin i láthair i 2019.

9. Chomh maith le prionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a urramú, ba cheart, dar leis an gComhairle, do straitéis cur chun feidhme cuimsitheach an Aontais a bheith uaillmhianach, fianaisebhunaithe agus eolasach ar riosca, cuspóirí agus gníomhaíochtaí inláimhsithe a bheith ag gabháil léi agus na struchtúir agus na próisis chur chun feidhme a shainiú lena dtacófaí le príomhshruthú na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais, agus lena gcuirfí feabhas ar chomhleanúnachas cothrománach chinnteoireacht an Aontais.

10. Áitíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus an straitéis cur chun feidhme cuimsitheach sin á leagan amach aige, treochlár soiléir a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a leagtar amach i bPáipéar Machnaimh an Choimisiúin, agus freisin, b'fhéidir, i bhfoirm pleananna gníomhaíochta agus straitéisí earnálacha, arna n-ullmhú, i gcás inarb iomchuí, ag sainghrúpaí ardleibhéil.

11. Measann an Chomhairle gur cheart do straitéis chur chun feidhme cuimsitheach an Aontais leas a bhaint as sásraí faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana chun dúbláil agus ualaí riaracháin iomarcacha a sheachaint. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé obair leantach agus athbhreithniú stóinsithe cuimsitheach trédhearcach comhtháite a dhéanamh i ndáil leis an gcur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, bunaithe ar anailís Eurostat ar an dul chun cinn, agus a dhéanfar a fhorbairt agus a fheabhsú, nuair is iomchuí.

---

[1] 10370/17

[2] EUCO 13/18

12. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le feabhas a chur ar an gComhtháthú Beartais ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe (PCSD) ar gach leibhéal agus idir gach gníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach, trí dhlús a chur le príomhshruthú Chlár Oibre 2030 agus na SDGanna i ngach beartas, straitéis agus uirlis ábhartha de chuid an Aontais, agus trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as sásraí agus ionstraimí atá ann cheana, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an Seimeastar Eorpach, an clár oibre maidir le Rialáil Níos Fearr, na nósanna imeachta um measúnú tionchair, an Comhtháthú Beartais ar mhaithe le Forbairt (PCD) agus féachaint cén chaoi ar féidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2013.

13. Ina leith sin, is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil 2019 an Aontais maidir le Comhtháthú Beartais ar mhaithe le Forbairt (PCD) agus an dlúthnasc atá aige leis an bPáipéar Machnaimh. Le PCD féachtar le cur le tionchar dearfach bheartais an Aontais i dtíortha i mbéal forbartha, trí shineirgí a chur chun cinn agus trí na comhbhabhtálacha idir na beartais éagsúla a laghdú. Is gné ríthábhachtach den straitéis é sin chun na SDGanna a bhaint amach agus cuireann sé ar bhealach tábhachtach leis an gcuspóir ginearálta atá sa Chomhtháthú Beartais ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe (PCSD).

14. Iarrann an Chomhairle go n-áireofaí mar chuid de phríomhbhonn beartais do thodhchaí inbhuanaithe an méid seo a leanas: aistriú gan drogall chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear timthriallta ábhar neamhthocsaineach, oibriú ar mhaithe le neodracht aeráide a bhaint amach ar aon dul le Comhaontú Pháras, an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, inbhuanaitheacht an chórais talmhaíochta agus bia, chomh maith le hearnálacha slán inbhuanaithe fuinnimh ísealcharbóin, foirgneamh agus soghluaisteachta, agus an comhtháthú Eorpach á chothú ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle freisin go ndéanfaí an ghné shóisialta a neartú d'fhonn an méid a leanas a chur chun cinn: an cuimsiú, an comhionannas, lena n-áirítear an comhionannas inscne, agus aistriú a bheadh cothrom ar bhonn sóisialta, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus é á áirithiú ag an am céanna go ndéanfaí luachanna coiteanna an Aontais a chosaint, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha.

15. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil buntáiste iomaíoch an Aontais ag brath ar theacht aniar agus ar shláinte a shaoránach agus, mar sin, gur gá an creat inbhuanaithe Eorpach don oideachas, don eolaíocht, don teicneolaíocht, don taighde, don nuálaíocht, don digitiú, don chultúr agus don spórt a chaomhnú, ós iadsan na réamhriachtanais agus na cumasóirí má táimid chun geilleagar níos inbhuanaithe fós a bhaint amach san Aontas agus é a chomhtháthú i slabhraí luacha inbhuanaithe domhanda, chun na SDGanna a bhaint amach. Sa mheon sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an fheasacht a thagann as an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ESD) mar phríomhchumasóir do na SDGanna eile agus mar spreagadh don nuálaíocht, don teacht aniar agus don ghníomhaíocht chlaochlaitheach.

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbeadh na sreafaí airgeadais comhsheasmhach agus go dtacódh siad le Clár Oibre 2030, agus gur comhlántach agus comhleanúnach na hionstraimí airgeadais. Maidir leis seo, is díol sásaimh don Chomhairle iad agus tacaíonn sí leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiúin an Plean Gníomhaíochta maidir leis an bhFás Inbhuanaithe a Mhaoiniú a chur chun feidhme agus an comhar idirnáisiúnta maidir le hairgeadas inbhuanaithe a dhoimhniú.

17. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go mbreithneofaí na príomhbhoinn bheartais i gcomhair thodhchaí inbhuanaithe na hEorpa, mar aon le prionsabail Chlár Oibre 2030 gona 17 SDG sa phlé i ndáil le Clár Oibre Straitéiseach an Aontais don tréimhse 2019-2024.

**Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain**

18. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe ar fud an domhain agus a thábhachtaí atá sé don Aontas é féin a chur i láthair ar leibhéal na Náisiún Aontaithe mar phríomhghníomhaí do Chlár Oibre 2030 agus mar chrann taca i ndáil leis an gcur chuige iltaobhach maidir le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda.

19. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an trádáil oscailte riailbhunaithe chun rannchuidiú leis na SDGanna a bhaint amach, i gcomhaontuithe déthaobhacha le tríú tíortha agus sa chomhthéacs iltaobhach freisin, lena n-áirítear trí chuspóirí inbhuanaitheachta a leagan amach in ionstraimí beartais trádála, agus trína chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, d'fhonn dálaí cothroma iomaíochta a bhaint amach.

20. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór don Aontas leanúint de phrionsabail na síochána, chearta an duine, an cheartais, agus an smachta reachta a spreagadh agus a chur chun cinn trí institiúidí éifeachtacha trédhearcacha cuimsitheacha agus tríd an dea-rialachas mar réamhchoinníollacha d'fhorbairt inbhuanaithe, agus ba cheart dó leanúint lena rannpháirtíocht ghníomhach i dtíortha comhpháirtíochta trí idirphlé beartais agus cláir forbartha bunaithe ar Chlár Oibre 2030 gona SDGanna.

21. Dearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Fóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe (HLPF), a bheidh ar siúl ar leibhéal na gCeann Stáit nó Rialtais i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sí ag súil go ndéanfar dearbhú polaitiúil gonta cuimsitheach láidir agus lena ndéanfar athnuachan agus neartú ar an tiomantas go mbainfear amach Clár Oibre 2030 gona SDGanna, atá comhtháite, idirnasctha agus doroinnte, agus lena leagfar síos an bonn don chéad timthriall ceithre bliana eile.

22. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag súil leis an tuarascáil ón Aontas Eorpach a chuirfear i láthair ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta (HLPF) in 2019, maidir le gnéithe inmheánacha agus seachtracha chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 gona SDGanna, tuarascáil a bheidh bunaithe ar Pháipéar Machnaimh an Choimisiúin agus ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis, ar thuarascáil 2019 Eurostat, agus ar thuarascáil 2019 an Aontais maidir le Comhtháthú Beartais ar mhaithe le Forbairt (PCD) agus ag glacadh leis gur ar bhealach trédhearcach a ndéanfar an tuairisciú sin i gcomhréir le hAthbhreithnithe Náisiúnta Deonacha (VNR) na mBallstát.

23. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit leanúint ar aghaidh lena n-iarrachtaí i leith chur chun feidhme éifeachtach agus rathúil Chlár Oibre 2030 gona 17 SDG chomh maith le Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa mar dhlúthchuid de, agus chun a dtaithí a roinnt ar an leibhéal domhanda trí thuairisciú ar dhul chun cinn ag seisiúin bhliantúla HLPF, lena n-áirítear trí VNRanna.

**Comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a neartú**

24. Meabhraíonn an Chomhairle gur freagracht chomhroinnte a bheidh i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030, agus go n-éilíonn sé go mbeidh rannpháirtíocht leanúnach agus láidir ag na geallsealbhóirí go léir i bpróiseas rannpháirtíoch dea-ullmhaithe trédhearcach d'fhonn an comhar a fheabhsú eatarthu agus chun comhpháirtíocht a éascú ina mbeadh an tAontas gona Bhallstáit, na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, an lucht acadúil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhpháirtithe sóisialta, saoránaigh agus geallsealbhóirí eile páirteach, lena n-áirítear trí chumarsáid spriocdhírithe agus uirlisí comhair dhigitigh a úsáid.

25. Iarrann an Chomhairle go neartófaí ardán na n-ilgheallsealbhóirí maidir leis na SDGanna, rud a mbeidh ról tábhachtach aige sa phróiseas ullmhúcháin agus maidir le straitéis cur chun feidhme an Aontais Eorpaigh do Chlár Oibre 2030 a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi, agus iarrann sí go mbeadh ballraíocht in ardán na n-ilgheallsealbhóirí uilechuimsitheach agus ionadaíoch agus go n-áiritheofaí go mbeadh na Ballstáit rannpháirteach ann freisin. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go leanfaí de leas a bhaint as saineolas ardáin na foghlama piaraí, amhail an Líonra Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (ESDN).

26. Cuireann an Chomhairle béim ar ról tábhachtach na hearnála príobháidí maidir leis na SDGanna a bhaint amach agus spreagann sí a rannpháirtíocht chuiditheach leanúnach, trí chomhpháirtíochtaí margadh-bhunaithe, infheistíochtaí, agus samhlacha gnó atá i gcomhréir le prionsabail an Iompair Gnó Freagraigh (RBC) agus na Freagrachta Sóisialta Corparáidí (FSC). Na prionsabail sin, atá bunaithe ar ionstraimí eile amhail Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) d'Fhiontair Ilnáisiúnta nó Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, ba cheart dóibh a bheith ina mbonn do chreat láidir beartais de chuid an Aontais, lena n-áirítear plean gníomhaíochta i ndáil le RBC. Leis an bplean gníomhaíochta sin, ba cheart bainistiú freagrach na slabhraí soláthair domhanda a chur chun cinn d'fhonn cothrom na Féinne idirnáisiúnta a bhaint amach.

27. Aithníonn an Chomhairle go háirithe, ag meabhrú di 11 sprioc an Aontais don aos óg, an tábhacht a bhaineann le gné na hóige i gClár Oibre 2030 agus an príomhról atá ag daoine óga i dtaca leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, agus iarrann sí ar na Ballstáit riachtanais agus ionchais daoine óga a bhreithniú sa mhéid a chuireann siad le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 do gach earnáil beartais ábhartha agus chun a chur ar chumas Eorpach óg cuidiú de réir mar is iomchuí le hAontas a bheadh níos inbhuanaithe ná riamh a bhaint amach.